**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0089/2021**

18.1.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le smachtbhannaí AE i gcoinne na Cambóide

**Thierry Mariani**

**B9-0089/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le smachtbhannaí AE i gcoinne na Cambóide**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe idir an tAontas agus Vítneam an 1 Lúnasa 2020,

– ag féachaint do na smachtbhannaí trádála a forchuireadh ar an gCambóid ón 12 Lúnasa 2020,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil caidreamh comharsanachta deacair ann idir an Chambóid agus Vítneam;

B. de bhrí gur mór an tairbhe a bhaineann Vítneam as an gcomhaontú a síníodh leis an Aontas, ós rud é go bhfuil cothromaíocht trádála idir Vítneam agus Ballstáit an Aontais go mór chun tairbhe dó;

C. de bhrí go ndearnadh sáruithe tromchúiseacha ar an tsaoirse reiligiúnach i Vítneam[1];

D. de bhrí go bhfuil sé chomh hinmhianaithe céanna dálaí oibre a fheabhsú i Vítneam agus sa Chambóid[2][3];

1. á athdhearbhú go mbaineann an beartas seo de chaighdeáin dhúbailte an bonn go mór d'inchreidteacht Bhallstáit an Aontais, go háirithe maidir leis an mbeartas eachtrach agus trádála;

2. á iarraidh go gcuirfí deireadh leis na smachtbhannaí i gcoinne na Cambóide, ar smachtbhannaí iad atá gan tairbhe agus éagórach i gcomparáid leis an gcomhaontú a shínigh an tAontas Eorpach le Vítneam;

3. á mheabhrú gur minic a bhíonn smachtbhannaí neamhéifeachtach agus go ndéanann siad caidreamh taidhleoireachta na mBallstát le tríú tíortha níos casta.

[1] https://radionotredame.net/2021/actualite/index-mondial-de-persecution-des-chretiens-2021-la-pandemie-a-renforce-les-vulnerabilites-et-accelere-les-violences-305336/
[2] https://www.lecho.be/economie-politique/international/asie/six-mois-apres-l-accord-ue-vietnam-les-droits-humains-patinent/10254785.html
[3] https://www.latribune.fr/economie/international/droits-de-l-homme-l-ue-impose-des-sanctions-commerciales-au-cambodge-854763.html